

Snáithe 2 | Caidrimh agus Gnéasacht

Toradh Foghlama 2.7	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar thionchar féideartha na pornagrafaíochta ar ionchais agus ar iompair chaidrimh agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do na daoine ar imir an phornagrafaíocht tionchar orthu.
Réamhfhoghlaim:	Sula bpléitear saincheist na pornagrafaíochta, beidh sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar fhoghlaim OSPS na Sraithe Sóisearaí maidir le saintréithe caidreamh sláintiúil, toiliú agus an chaoi a ndéanann steiréitíopaí inscne difear d'ionchais maidir le caidrimh agus gníomhaíocht ghnéasach – a bhfuil siad uile mar bhunchloch le bheith in ann tionchar na pornagrafaíochta a phlé go criticiúil. Is gá freisin don scoláire bheith dultha i ngleic le torthaí foghlama gaolmhara OSPS na Sraithe Sinsearaí, mar shampla foghlaim faoi chaidrimh shláintiúla (2.1, 2.2 agus 2.3) agus inscne (2.4).

Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

I dToradh Foghlama 2.7 iarrtar ar an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na pornagrafaíochta ar iompair agus ar ionchais chaidrimh. Cuireann 'iniúchadh' in iúl ceist a scrúdú chun fíricí a chinntiú agus chun fianaise a sholáthar do chonclúidí. Is iondúil go ndéantar cur síos ar phornagrafaíocht sna sainmhínithe foclóra mar scríbhinní nó íomhánna de bhearta gnéis ar mhaithe le macnas gnéis a chruthú. Ach, ní léiríonn sainmhínithe dá leithéid gnáth-phornagrafaíocht atá ar fáil go forleathan, ina léirítear oibiachtú, dídhaonnú, náiriú agus díghrádúchán na ndaoine, mná den chuid is mó. Laistigh den seomra ranga OSPS, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir léirithe ar ghníomhaíocht ghnéis atá earótach (a léiríonn grá gnéasach agus ar féidir leo mian chollaí a spreagadh) agus iad sin atá pornagrafach (léirithe ar ghníomhaíocht ghnéis ina léirítear tánaistiú na mban agus ceannas na bhfear agus laistigh de sin, déantar normalú ar fhoréigean agus ionsaí gnéasach). Dá bhrí sin, is gá plé a leagan amach le feasacht gur fhorbair pornagrafaíocht, atá inrochtana go héasca, in imeacht na mblianta agus go bhfuil sí anois níos déine, níos foréigní agus níos damáistí.

Tá dhá phríomhtheachtaireacht le cuimhneamh orthu – cuirtear iompair fhoréigneacha agus mhaslacha i láthair i bpornagrafaíocht nach léiríonn caidrimh shláintiúla ón bhforshaol agus gur féidir le pornagrafaíocht iarmhairtí díobhálacha a bheith aici.

Cuir chuige atá le meas i gcás ina bhfuiltear ag teagasc faoi phornagrafaíocht

- Seachain cuir chuige a dhéanann pornagrafaíocht a normalú (fiú i ngan fhios). D'áireofaí anseo an tuairim go bhfuil pornagrafaíocht feicthe ag gach duine. Aithnigh, gan bhreithiúnach, go bhféadfadh sé gur bhreathnaigh/nár bhreathnaigh an scoláire ar phornagrafaíocht agus ná náirigh an scoláire a bhreathnaigh ar phornagrafaíocht.
- Cuimhnigh, fiú mura bhfuil pornagrafaíocht feicthe ag an scoláire, gur féidir leis an tionchar a bhíonn aici ar phiaraí tionchar a imirt air.
- Bí aireach maidir le ráitis a neartaíonn noirm/steiréitíopaí inscne diúltacha, cosúil le cur in iúl gur fadhb í fireannacht buachaillí/fear nó go bhfuil sí 'tocsaineach'.
- Tá sé tábhachtach fianaise a chur in iúl do dhaoine óga a léiríonn gur féidir le pornagrafaíocht iarmhairtí díobhálacha a bheith aici. Seachain cuir chuige nach bhfuil mórán faisnéise iontu agus a spreagann an scoláire chun pornagrafaíocht a phlé agus teacht ar a chonclúidí féin fúithi gan dóthain faisnéise chun sin a dhéanamh. (Féach [Uirlisí Úsáide OSPS na Sraithe Sinsearaí](#) chun naisc a fháil chuig taighde inrochtana)

- Ba cheart cur chuige neodrach a sheachaint ina moltar go bhfuil an fhianaise taighde maidir le tionchair dhíobhálacha na pornagrafaíochta míshoiléir nó éiginntitheach mar go gcuirfidh sé sin daoine óga amú. Ar an gcaoi chéanna, níl sé cabhrach ach oiread cur chuige a úsáid ina gcuirtear i leith go ndéanfar díobháil d'aon duine a bhreathnaíonn ar phornagrafaíocht, mar nach bhfuil sé sin fíor agus is mór an seans go ndiúltoídh an scoláire dó.
- Luaigh tacaíochtaí atá ar fáil d'aon duine a bhfuil imní orthu maidir leis an úsáid a bhaineann siad féin nó duine eile as pornagrafaíocht.

Ceisteanna féideartha le hiniúchadh:

- Cén tionchar a bhíonn ag pornagrafaíocht ar an inchinn?
- Cén tionchar a bhíonn ag pornagrafaíocht ar dhearcthaí, ionchais agus iompair daoine i ndáil le gnéas? An bhfuil na tionchair mar an gcéanna do mhná agus d'fhir?
- An bhfuil pornagrafaíocht ag cur le fuath ban agus foréigean in aghaidh cailíní/ban? Cén fhianaise is féidir leat a lua?
- Cé na tacaíochtaí atá ar fáil d'aon duine óna dteastaíonn cúnaimh chun úsáid pornagrafaíochta a stopadh nó d'aon duine eile a bhfuil tionchar ag úsáid duine eile orthu.

NÓTA: Nuair atáthar ag teagasc faoi phornagrafaíocht, níl sé feiliúnach ábhar a chur i láthair atá gáirsiúil, ná tagairt a dhéanamh do shuíomhanna idirlín ar leith a bhfuil ábhar gáirsiúil iontu sa rang.

Torthaí foghlama leantacha féideartha:

TF 2.6 Bunchúiseanna agus iarmhairtí an fhoréigin teaghlaigh, an fhoréigin gnéis, agus an fhoréigin ar bhonn inscne agus TF 2.8 mí-úsáid atá bunaithe ar íomhánna, ciapadh gnéasach, ionsaí gnéis agus éigniú

Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS na Sraithe Sinsearaí le haghaidh [acmhainní an tseomra ranga nasctha le TF 2.7](#)